Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15935/22**
**ADD 1**

**ELARG 106**
**COWEB 190**
**COEST 914**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais<br>– Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach**

I ndáil le mír 9 de na Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais ó mhí na Nollag 2022, athdhearbhaíonn an Coimisiún Eorpach leis seo an méid seo a leanas:

I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh, tuairisceoidh an Coimisiún ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a shonraítear sna tuairimí ón gCoimisiún maidir leis na hiarratais ar bhallraíocht na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia, faoi seach mar chuid dá phacáiste rialta um méadú in 2023. Gan dochar don tuairisciú cuimsitheach rialta sin, tá an Coimisiún réidh le nuashonrú ó bhéal a thabhairt don Chomhairle san earrach.